# *Paróiste an Fheirtéaraigh*

*Paróiste Dhún Chaoin, Paróiste Dhún Urlann, Paróiste Mhárthain, Paróiste na Cille, Paróiste Mórdhach*

**Fógraí na Seachtaine 18 - 24 Eanáir 2025**

**Séipéal Naomh Gobnait, Dé Domhnaigh, 19 Eanáir ar a 9.00rn.**
**Intinn:** Muiris Ó Muircheartaigh (Piley), Baile Ícín, 50ú C.B
**Séipéal Naomh Uinseann, Dé Domhnaigh, 19 Eanáir ar a 10.00rn**
**Intinn:** **1.** Christy Corduff, Baile an Éanaigh, C.M.
**2.** Seán agus Nell Uí Chinnéide, Ard na Caithne, C.B.

Ar dualgas do Limistéar Tréadach Chorca Dhuibhne an Domhnach seo – An tAthair Eamon Mulvihill 066-7139145

**Guí an Phobail**
Seán Budhlaeir, Baile an Chaladh, C.B,
Jack Ó Dubhda, Cnoc a' Bhróigín, C.B.
Micheál de Brún, Gallarus agus Josie Firtéar, Baile Uachtarach, C.B.
Máiréad Ní Uallacháin, Cúirt Phiarais agus Baile an Éanaigh, C.B.
Colm Ó Dónaill, Feothanach agus Baile Átha Cliath, C.B.



**Stampaí Úsáidte.**
Má tá aon stampaí agat is féidir iad a fhágaint ins na séipéil.

**Séipéal na Carraige, Dé Sathairn, 25 Eanáir ar a 7.30in**
**Intinn:** Tommy Hand, Muiríoch, 1ú C.B.
**Séipéal Naomh Uinseann, Dé Domhnaigh, 26 Eanáir, ar 10.00rn**
**Intinn:** **1.** Séamus Ó Lúing, Na Cluainte agus a bhean chéile, Máire, C.B. agus Micheál agus Máire, atá ar shlí na fírinne.
**2.** Micheál agus Nóra Uí Mhuircheartaigh, Baile Uachtarach, C.B.

**Aifrinntí i Rith na Seachtaine**
**Séipéal Naomh Uinseann**
Dé Luain 9.30rn, Déardaoin 9.30rn
**Séipéal na Carraige**
Dé Máirt 9.30rn, Dé hAoine 7.00in

**Clúdaigh na Nollag**
Téann an t-airgead ós na clúdaigh seo do thuarastail na sagart. Buíochas go speisialta dos na daoine teagmhála a thugann amach na clúdaigh dúinn. Muna bhfaigheann tú ceann agus má theastaíonn ceann uait glaoigh ar Thigh na Sagart 9156131. Míle Buíochas do gach duine a thugann tacaíocht don gciste don gciste seo.

## Misean na Deoise 2025 - Oilithrigh le Dóchas

Beidh Misean na Deoise 2025 ar líne, ón 19 Eanáir – 22 Eanáir. Mar chuid don mhisean beidh cainteanna, urnaí, aifrinn, machnamh agus am don gclann. I measc na gcainteoirí beidh:- Br Richard Hendrick, Caoimhe de Barra, David Wells agus Martina Lehane Sheehan. Clarú ag www.dioceseofkerry.ie. Tá bileoga i nGaeilge ar fáil ins na séipéil.

## Seachtain na Scoileanna Caitliceacha 2025

Beidh Seachtain na Scoileanna Caitliceacha 2025 á ceiliúradh ón Domhnach, 19 Eanáir, go dtí an Satharn, 25 Eanáir, leis an téama Scoileanna Caitliceacha: Beo i gCríost. Guímid ar a son agus tacaímid leis na scoileanna áitiúla ionas gur féidir linne ar fad a bheith dóchasach lena chéile i gCríost mar aon phobal amháin. Cuireann Íosa Críost glaoch orainn mar phobal dóchais, ionas gur féidir leis na scoileanna, na teaghlaigh, agus an paróiste leathan, spreagadh agus tacaíocht a thabhairt dá chéile. Breis eolais www.catholiceducation.ie. Faoi choimirce na Maighdine Muire agus Brat Bhríde go raibh na scoláirí, múinteoirí, fóirne na scoileanna, Boird Bainistíochta, tuismitheoirí, caomhnóirí agus pobail uile na scoile i gcónaí.

**Ag Cabhrú sa Pharóiste**
Bíonn cabhair á lorg againn i gcónaí i réimsí difriúla sa pharóiste ar bhonn deonach (Sacraisteoirí, Léitheoirí, Ministéirí Eocairiste, Ceoltóirí, Scileanna Ríomhaireachta (chun suíomh idirlíon a chruthú don bparóiste), Glantóirí, Garraíodóirí agus srl). Má tá aon scileanna agat a bheadh cabhrach cuir glaoch ar Thigh na Sagart**. Go gcúití Dia go fial le gach éinne a bhíonn chomh fial lena gcuid ama.**

**Oilithreacht go Pietrelcina, San Giovanni Rotondo agus Assisi**
Beidh oilithreacht **(ag fágaint ó Aerphort Chorcaí)** go Assisi agus San Giovanni, ón 23 – 30 Meitheamh 2025. Gach eolas ó Ann Fehan 087-2738103 nó Tigh na Sagart 066-9156131

**Bliain Iubhaile 2025**
Ceiliúrtar Bliain Iubhaile gach 25 bliain san Eaglais. An téama atá roghnaithe ná 'Oilithrigh le Dóchas'. Gach eolas www.dioceseofkerry.ie. agus www.vatican.va.

**Seachtain do Aontacht na gCríostaithe**
Gach bliain bíonn an ceiliúradh seo idir 18 – 25 Eanáir.
*A Thiarna, éist le hurnaithe do phobail agus deonaigh go n-aontófar croíthe na gcreidmheach le chéile do do mholadh agus ag déanamh aithrí. Go gcuirtear deireadh le gach aighneas idir Críostaithe; agus go mbrostaímid go léir ar aghaidh go lúchaireach chun do ríochta síoraí i gcomaoineach fhoirfe eaglasta. Sin é ár nguí chugat trínár dTiarna Íosa Críost.*
(An Leabhar Aifrinn)

**Machnamh – 'Chuaigh den fhíon, agus dúirt a mháthair le hÍosa: Níl aon fhíon acu'**
Tá scéal bhainis Chána ar cheann de na scéalta is fearr a thaitníonn le daoine sa Soiscéal. Saol crua a bhí ag na gnáthdhaoine ag an am, agus dá bharr sin ba ócáid mhór a bhí i ngach bainis – do ghaolta, cairde agus comharsana na beirte a bhí le pósadh. Go deimhin nuair a bhí Íosa ag déanamh cur síos, níos déanaí, ar ríocht na bhflaitheas is i gcomparáid le féile bainise a chuir Sé í. Ba ábhar náire agus áiféalta é, mar sin, easpa fíona a bheith ar mhuintir an tí. Go deimhin ba thubaiste shóisialta a bheadh ann chomh maith, a mhairfeadh i gcuimhne na ndaoine ó ghlúin go gluin ar feadh i bhfad. In aimsir an tSean-Tiomna ba chomhartha mí-áidh é an fíon a bheith gann, agus ba chomhartha dea-thola Dé é flúirse fíona a bheith ann (Iseáia 24:11, 25:6).
*Muire, Máthair Dé – Criostóir Ó Domhnaill agus Ciarán Ó Dubhshláine.*

**Ciste an Pharóiste €940, Bailiúchán Speisialta Riachtanaisí sa Talamh Naofa €155.**
Más mian leat tacú le Ciste an Pharóiste is féidir leat do shíntúis a chur i gCúntas Pharóiste an Fheirtéaraigh, Banc AIB, Príomhshráid, An Daingean –
**IBAN: IE40 AIBK 93628602 090140 (BIC: AIBKIE2D).** Bíonn cuimhneamh speisialta oraibh i gcaitheamh na bliana**.**
**Más mian leat clarú do na clúdaigh, cuir glaoch ar Thigh na Sagart 9156131. Go gCuití Dia go fial libh.**

**Fógraí go Tigh na Sagart, roimh 10.30 r.n. Déardaoin, le bhur dtoil:**
Fón: 066-9156131 r-phost: oifig@yahoo.ie